# Pleananna Teagaisc & Foghlama

## Plean 4: Fothorthaí ar Bhoinn a Chaitheamh in Airde

Siollabas an Teastais Shóisearaigh
Siollabas na hArdteistiméireachta

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

# Seo an struchtúr atá ar na Pleananna Teagaisc & Foghlama:

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

**Aidhmeanna:** leagann siad amach na rudaí a mbeifí ag súil leo i gceacht nó i sraith ceachtanna.

**Réamheolas:** díríonn sé ar an eolas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ag na daltaí cheana féin agus ar an eolas a theastóidh uathu chun cuidiú leo san ábhar nua.

**Torthaí Foghlama:** leagann siad amach na rudaí seo: na rudaí a bheidh na daltaí in ann a dhéanamh, na rudaí a mbeidh eolas acu orthu, agus na rudaí a thuigfidh siad ag deireadh na topaice.

**An Gaol leis an Siollabas:** tagraíonn sé don mhír ábhartha ó Shiollabas an Teastais Shóisearaigh agus/nó ó Shiollabas na hArdteistiméireachta.

**Acmhainní riachtanacha:** tá liosta ann de na hacmhainní a bheidh riachtanach i múineadh agus i bhfoghlaim topaice áirithe.

**Cur i Láthair an Ábhair** (níl sé ach i roinnt pleananna)**:** leagann sé amach cur chuige faoi conas topaic nua a chur i láthair.

**Idirghníomhaíocht Ceachta:** tá sí leagtha amach faoi ceithre fhó-cheannteideal:

i. **Tascanna Foghlama Daltaí – Ionchur an Mhúinteora:** Díríonn an chuid seo ar ionchur an mhúinteora agus tugann sí sonraí faoi phríomhthascanna na ndaltaí agus faoi cheisteanna an mhúinteora a bhogann an ceacht ar aghaidh.

ii. **Gníomhaíochtaí Daltaí – Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo:** tugann an chuid seo sonraí ar fhreagraí a d'fhéadfadh daltaí a thabhairt agus ar mhíthuiscintí a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí.

iii. **Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora:** tugann an chuid seo sonraí faoi ghníomhartha múinteoirí agus dearadh í chun tacaíocht agus struchtúr a thabhairt d'fhoghlaim daltaí.

iv. **Triail tuisceana:** molann an chuid seo ceisteanna a d'fhéadfadh múinteoir a fhiafraí chun meas a dhéanamh ar cé acu atá na spriocanna/torthaí foghlama á mbaint amach. Úsáidfear an measúnú seo chun treo a thabhairt do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama san ranganna a bheidh ag na daltaí ina dhiaidh sin.

**Gníomhaíochtaí Daltaí:** ag deireadh gach plean, tá gníomhaíochtaí daltaí ann agus tá siad nasctha leis an gceacht.

# Plean Teagaisc agus Foghlama 4: Fothorthaí ar Bhoinn a Chaitheamh in Airde

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Spriocanna

- Má chaitear dhá bhonn in airde agus má bhreathnaítear ar na torthaí (dhá cheann, dhá chruit, ceann amháin agus cruit amháin) foghlaimítear nach mbeidh na fothorthaí ar fad comhdhóchúil.

## Réamheolas

Ba chóir go mbeadh réamheolas ag daltaí (ó T&F: Plean 1 agus/nó óna dtaithí sa bhunscoil) ar roinnt téarmaí a bhaineann leis an seans agus leis an neamhchinnteacht. Ba chóir go mbeadh cur amach acu ar an dóchúlacht a léirítear mar chodán nó mar dheachúil sa raon 0 go 1, nó mar chéatadán sa raon 0% go 100%.

## Torthaí Foghlama

Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar an ábhar seo beidh ar chumas an dalta

- Liostú a dhéanamh ar an dá fhothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a chaitear bonn in airde agus ríomh a dhéanamh ar an dóchúlacht go bhfaighfear ceann nó cruit
- Liostú a dhéanamh ar na fothorthaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a chaitear 2 bhonn
- líon na dtorthaí a cheangal le bunphrionsabal an chomhairimh
- Dóchúlacht teagmhais a fháil trí fhothorthaí turgnaimh a úsáid. Leas a bhaint astu sin chun teacht ar an toradh a bheadh ar an turgnamh céanna a dhéanamh arís nuair atá na fothorthaí comhdhóchúil
- An téarma 'teagmhais neamhspleácha' a úsáid

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009

# An Gaol Le Siollabas an Teastais Shóisearaigh

| Fo-ábhair | Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|---|
| 1.5 Comhaireamh | Liostaigh na fothorthaí a d'fhéadfadh a bheith ann i dturgnamh. Úsáid bunphrionsabal an chomhairimh. | |
| 1.6 Coincheapa na dóchúlachta | Déan meas ar na dóchúlachtaí ó shonraí turgnamhacha. Aithin, má dhéantar turgnamh go minic, go mbeidh torthaí éagsúla ann, agus gur cruinne a bhíonn meastúcháin dóchúlachta sa turgnamh de ghnáth. | |
| 1.7 An Dóchúlacht a Ríomh i Sampla Randamach | Cuir an prionsabal seo i dhfeidhm i gcás fothorthaí comhdhóchúla: chun an dóchúlacht a fháil, roinn líon na bhfothorthaí a bhfuil spéis agat iontu ar líon iomlán na bhfothorthaí. | Úsáidtear modhanna dénártha/comhairimh le fadhbanna a réiteach a bhaineann le teagmhais leanúnacha nuair nach mbíonn ach dhá fhothoradh fhéideartha ar gach teagmhas. |

# An Gaol le Siollabas na hArdteistiméireachta

| Fo-ábhair | Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|---|
| 1.1 Comhaireamh | Liostaigh fothorthaí turgnaimh. Úsáid bunphrionsabal an chomhairimh. | |
| 1.2 Coincheapa na dóchúlachta | | Déan meas ar na dóchúlachtaí ó shonraí turgnamhacha. Aithin, má dhéantar turgnamh go minic, go mbeidh torthaí éagsúla ann, agus gur cruinne a bhíonn meastúcháin dóchúlachta sa turgnamh de ghnáth.<br>Ceangail dóchúlacht teagmhais lena minicíocht fhadthréimhseach.<br>Ríomh an luach a bhfuiltear ag súil leis. |

# Acmhainní Riachtanacha

Boinn do na daltaí

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009 

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

| Idirghníomhaíocht Ceachta | | | |
|---|---|---|---|
| **Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora** | **Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo** | **Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora** | **Triail Tuisceana** |
| » Caith bonn. Cé mhéad fothoradh a bhíonn ann agus cad iad féin?<br><br>» Líon isteach an Tábla ar **Gníomhaíocht Daltaí 1.** | • 2 – ceann agus cruit | » Scaip roinnt boinn ar roinnt daltaí ar dtús.<br><br>» Scaip **Gníomhaíocht Daltaí 1** | |
| » An bhfuil na fothorthaí comhdhóchúil agus cén fáth? | • Tá, mar gheall ar shiméadracht an bhoinn. | » Abair leis na daltaí gur cóir dóibh smaoineamh ar an ngné seo sula ríomhann siad an dóchúlacht. | |
| » Ó tharla go bhfuil dhá fhothoradh ann - ceann nó cruit, cad í an dóchúlacht gur ceann a gheofar nuair a chaitear bonn? An dóchúlacht gur cruit a gheofar?<br><br>» Líon é sin isteach ar **Gníomhaíocht Daltaí 1A** | • ½<br><br>• ½ | » Téigh thart ag féachaint an bhfuil na daltaí ag líonadh an tábla isteach i gceart agus iarr ar dhalta amháin an freagra a thabhairt. | » An féidir le gach dalta na táblaí a líonadh isteach i gceart? |
| » Má chaitheann tú bonn in airde 30 uair, tuar agus scríobh síos cé mhéad ceann lena mbeifeá ag súil agus cé mhéad cruit lena mbeifeá ag súil.<br><br>» Líon isteach ar **Ghníomhaíocht Daltaí 1B**. | • 15 ceann, 15 cruit | » Téigh thart ag seiceáil an bhfuil tuartha ag na daltaí agus iarr ar dhalta amháin freagra a thabhairt. | » An bhfuil na daltaí in ann ríomh a dhéanamh ar an luach lena bhfuil siad ag súil? |

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Ag obair i mbeirteanna caith bonn in airde 30 uair agus líon isteach an tábla ar **Gníomhaíocht Daltaí 1C**. Is é ________ an teorainn ama. | | » Scaip boinn ar an gcuid eile den rang.<br>» Téigh thart ag cur i gcuimhne do na daltaí go bhfuil teorainn leis an am don obair seo agus ag cinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh. | » An bhfuil na daltaí ag coinneáil cuntas ceart ar an scór? |
| » Cuir do thoradh i gcomparáid le do thuar agus líon na torthaí isteach i **nGníomhaíocht Daltaí 1D**. | » Ba cheart go mbeadh na torthaí gar do na luachanna a bhí tuartha. | » Téigh thart ag scrúdú táblaí na dtorthaí, fiafraigh de ghrúpaí éagsúla cé mhéad uair a fuair siad cinn agus cé mhéad uair a fuair siad cruiteanna.<br>» Cuir na torthaí ón rang iomlán ar an gclár bán. | » An raibh ar chumas an chuid is mó de na daltaí na luachanna tuartha a fháil go cruinn? |
| » Líon na torthaí isteach i do mháistir-thábla féin i **nGníomhaíocht Daltaí 1E** agus críochnaigh an tábla.<br>» Déan comparáid idir sin agus an tuar. Críochnaigh i **nGníomhaíocht Daltaí 1F**. | » Ba cheart go mbeadh na torthaí ag teacht níos cóngaraí do na luachanna tuartha. | | |
| » Cén fáth a bhfuil na torthaí níos gaire anois do na luachanna tuartha? | • De bharr níos mó turgnamh, tá an mhinicíocht choibhneasta beagnach cothrom leis an dóchúlacht. | | » An bhfeiceann na daltaí an ceangal idir an mhinicíocht choibhneasta agus dóchúlacht? |
| » Má fhaighim ceann ceithre huaire as a chéile, an mó an seans ansin go bhfaighidh mé cruit an chéad bhabhta eile?<br>» Sa ghnáthshaol an féidir leat smaoineamh ar aon chás eile nach bhféadfadh ach 2 fhothoradh a bheith ann? | • Ní mó, mar tá na fothorthaí neamhspleách ar a chéile – ní bhíonn tionchar ag fothoradh amháin ar fhothoradh trialach eile. | | » An dtuigeann na daltaí go bhfuil na teagmhais neamhspleách ar a chéile? |

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Agus úsáid á baint as an Tábla i **nGníomhaíochtaí Daltaí 2A** tóg 2 bhonn agus liostaigh gach fothoradh a d'fhéadfa a fháil. | • Ceann = H, cruit = T<br>• HH, TT, HT, TH | » Scaip **Gníomhaíocht Daltaí 2**.<br>» Téigh thart agus cinntigh sé liostaí na dtorthaí; cuir ceisteanna de réir mar is gá. | » An bhfeiceann na daltaí nach ionann fothoradh HT agus TH?<br>» An bhfuair siad na 4 fhothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann? |
| » An bhfuil na fothorthaí ar fad comhdhóchúil? | • Tá, ó tharla na boinn a bhéith siméadrach. | » Cuir béim ar na torthaí a bheith comhdhóchúil. | |
| » Úsáid an t-eolas atá sa tábla agus scríobh cad í:<br>» an dóchúlacht go bhfaighfear dhá cheann?<br>» an dóchúlacht go bhfaighfear dhá chruit?<br>» an dóchúlacht go bhfaighfear ceann agus cruit?<br>» Líon isteach na freagraí i **nGníomhaíocht Daltaí 2B**. | • Dóchúlacht 2 cheann = ¼<br>• Dóchúlacht 2 chruit = ¼<br>• Dóchúlacht cinn agus cruite = 2/4=1/2 | | » An bhfuil ar chumas na ndaltaí an dóchúlacht theoiriciúil a ríomh nuair a bhíonn na fothorthaí comhdhóchúil? |
| • Tuar agus scríobh síos na torthaí a d'fhéadfá a fháil, dá gcaithfeá dhá bhonn ag an am ceánna 28 uair. (Cén fáth nár roghnaigh mé 30?) | • HH – 7 n-uaire<br>• TT – 7 n-uaire<br>• Ceann agus cruit (HT nó TH) – 14 huaire | » Téigh thart agus cinntigh na tuartha agus iarr ar dhaltaí a bhfreagraí a chosaint. | |

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Ag obair i mbeirteanna, caith dhá bhonn in airde ag an am céanna 28 uair agus coinnigh tuairisc ar na torthaí sa tábla (**Gníomhaíocht Daltaí 2C**)<br><br>» Is é _____ an teorainn ama. | » Ba chóir go bhfaigheadh na daltaí a dhá oiread de fhothorthaí HT seachas HH nó TT. | | » An léir do na daltaí go bhfuil dhá bhealach ann inar féidir Ceann agus Cruit a fháil? |
| » An bhfuil do thorthaí ag réiteach le do thuartha? | » Ba chóir go mbeadh na torthaí gar do na tuartha. | » Iarr ar roinnt grúpaí a bhfreagraí a fhógairt os ard agus siúil thart agus cinntigh na torthaí eile. | » An raibh ar chumas na ndaltaí torthaí a thuar go cruinn agus cúiseanna a chur leo? |
| » Líon na torthaí ón gclár isteach sa mháistir-thábla i **nGníomhaíocht Daltaí 2D**.<br><br>» An bhfuil na torthaí sin ag réiteach le do thuartha? | » Ba chóir go mbeadh na torthaí níos gaire anois do na torthaí a bhí á dtuar. | » Scríobh na torthaí ón rang iomlán ar an gclár. | » An léir do na daltaí go dtagann an mhinicíocht choibhneasta níos gaire don dóchúlacht de réir mar a thagann ardú ar líon na dtrialacha? |
| » Ní thugtar sa tábla ach rogha amháin maidir le HT, cé go raibh HT agus TH sa chéad tábla. An mbeidh tionchar ag an athrú sin ar na torthaí? Cén fáth? | • Ó tharla gur féidir ceann amháin agus cruit amháin a fháil ar nós HT nó TH, ba cheart go mbeadh líon fothorthaí HH agus TT thart ar leath líon na bhfothorthaí HT agus TH. | | |
| » Conas a réitíonn seo lena bhfuil foghlamtha agat faoi bhunphrionsabal an chomhairimh? | • Tá dhá fhothoradh fhéideartha ag Bonn 1 agus dhá fhothoradh fhéideartha ag Bonn 2, mar sin is é líon iomlán na bhfothorthaí féideartha ná 2x2=4. | | » An bhfuil ar chumas na ndaltaí an ceangal a fháil le bunphrionsabal an chomhairimh? |

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Má chaitheann tú dhá bhonn in airde ag an am céanna 1,000 uair, cé mhéad de gach fothoradh féideartha a mbeifeá ag súil leis? | • HH—250<br><br>• TT—250<br><br>• Ceann agus cruit – 500 | | » An bhfuil ar chumas na ndaltaí an luach a mbítear ag súil leis a ríomh nuair a thugtar an dóchúlacht? |
| » An mbíonn cluiche 'féaráilte' nó 'neamhfhéaraílte' má bhuann A nuair a faigheann sé dhá cheann agus má bhuann B nuair a faigheann sé ceann amháin agus cruit amháin?<br><br>» Conas a dhéanfá an cluiche 'féaráilte'? | • Neamhfhéaráilte Tá dhá oiread dóchúlachta ann go mbeidh an bua ag B.<br><br>• Déan an cluiche féaráilte trí an bua a bheith ag A i gcás HH nó TT a fháil. | | » An dtuigeann na daltaí an gá atá le léiriú uimhriúil ar an bhfrása 'ní dócha' |
| **Machnamh**<br>» Scríobh síos trí rud a d'fhoghlaim tú faoin dóchúlacht inniu.<br><br>» Scríobh síos aon rud a raibh deacracht agat leis.<br><br>» Scríobh síos aon cheist atá agat. | 1. Conas na fothorthaí féideartha go léir a liostú nuair a chaitear bonn amháin in airde agus nuair a chaitear dhá bhonn in airde.<br><br>2. Conas liosta na bhfothorthaí féideartha a úsáid le fáil amach an bhfuil siad féaráilte.<br><br>3. Ríomh a dhéanamh ar an luach a mbeifí ag súil leis i gcás líon mór trialacha.<br><br>4. Tabhair faoi deara nach ndéanann fothoradh aon triail ar leith difear d'fhothoradh trialach eile – teagmhais neamhspleácha. | » Teígh thart agus dírigh ar aon cheist a bheadh ag daltaí agus cuidigh leo iad a fhreagairt. | » An bhfuil na nithe seo foghlamtha agus tuigthe ag na daltaí go léir?<br><br>» An bhfuil na daltaí ag úsáid na dtéarmaí ar bhealach tuisceanach agus iad ag plé leis na ceisteanna? |

# Gníomhaíocht Daltaí 1

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Gníomhaíocht Daltaí 1A
## Bonn a chaitheamh

| Fothoradh a d'fhéadfadh a bheith ann | An líon uaireanta a d'fhéadfadh sé sin teacht aníos |
|---|---|
| | |
| | |

An dóchúlacht go bhfaighfear ceann ___________ An dóchúlacht go bhfaighfear cruit ___________

## Gníomhaíocht Daltaí 1B
## Bonn a Chaitheamh in Airde 30 uair

Déanaim tuar go bhfaighidh mé __________________ ceann agus __________________ cruit.

## Gníomhaíocht Daltaí 1C
## Torthaí an Turgnaimh

| Fothoradh | Scór | An Mhinicíocht | An Mhinicíocht Choibhneasta |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

## Gniomhaíocht Daltaí 1D
## An bhfuil na torthaí ag teacht leis na tuartha a bhí agam?

______________________________________________________________________

## Gníomhaíocht Daltaí 1E
## Máistir-thábla do thorthaí an ranga

| Fothoradh | An comhaireamh ó gach grúpa | Minicíocht | Minicíocht Choibhneasta |
|---|---|---|---|
| Ceann | | | |
| Cruit | | | |

## Gníomhaíocht Daltaí 1F
## An bhfuil na torthaí ag teacht leis na tuartha a bhí agam?

______________________________________________________________________

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009 

# Gníomhaíocht Daltaí 2

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Gníomhaíocht Daltaí 2A

2 bhonn a chaitheamh in airde ag an am céanna comhuaineach: Liostaigh gach toradh a d'fheadfá a fháil sa tábla. Le cúnamh na samhlaíochta, liostaigh na torthaí féideartha sna léaráidí thíos.

| Bonn 1 | Bonn 2 |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Bonn 1 | H | | | |
| Bonn 2 | | | | |

## Gníomhaíocht Daltaí 2B

Úsáid an tábla agus freagair,

Cad í an dóchúlacht go bhfaighfear 2 cheann?________________

Cad í an dóchúlacht go bhfaighfear 2 chruit?________________________________

Cad í an dóchúlacht go bhfaighfear aghaidh amháin agus cúlruit

## Gníomhaíocht Daltaí 2C
## Tábla don Turgnamh

| Fothoradh | Scór | Minicíocht |
|---|---|---|
| HH | | |
| HT nó TH | | |
| TT | | |

## Gníomhaíocht Daltaí 2D
## Máistir-thábla don Turgnamh

| Fothoradh | Minicíocht (ó gach grúpa) | Iomlán | Minicíocht choibhneasta |
|---|---|---|---|
| HH | | | |
| HT nó TH | | | |
| TT | | | |

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009 